Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Deontais is iníoctha faoi Rialacháin na dTithe (Deontas Feabhsúcháin Luaidhe Baile), 2022 (I.R. Uimh. 519 de 2022)

- **Léigh na nótaí faisnéise seo a leanas le do thoil roimh an fhoirm iarratais a líonadh isteach.**

- **Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, nuair a shonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a sholáthar. Ní dhéanfar próiseáil ar fhoirmeacha neamhiomlána nó ar fhoirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.**

- **Más Custaiméir de chuid Uisce Éireann thú, cinntigh le do thoil go bhfuil tú tar éis dul i dteagmháil le hUisce Éireann maidir lena "Scéim Athsholáthair Píopa Luaidhe Roghnach do Chustaiméirí" sula mbeidh tús curtha ag do phluiméir le píopaí agus feistithe Luaidhe a athsholáthar i do theach.**

## Eolas maidir leis an Scéim

### 1. Cuspóir an Deontais

Tá an scéim ar fáil chun cabhrú le húinéirí áitribh atá nasctha le soláthar uisce tí leis na costais a bhaineann le píopaí luaidhe nó feistithe ghaolmhara a athsholáthar laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an áitribh, mar atá sainmhínithe san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007. Ní mór don iarratasóir an t-áitreabh lena mbaineann a áitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach.

Nóta: Forálann Alt 2 d'Acht 2007, arna leasú, go gciallaíonn "córas dáileacháin inmheánach" an chuid sin de chóras dáileacháin, laistigh de chúirtealáiste áitribh, a úsáidtear chun uisce a sholáthar lena chaitheamh ag daoine nó le haghaidh táirgeadh bia nó deochanna.

*Roimh iarratas a dhéanamh ar dheontas, ní mór don iarratasóir:*

a) a bheith ag fáil fógra ó sholáthraí uisce ag cur in iúl gur dócha go mbeidh pluiméireacht luaidhe (píopaí agus feistithe) laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí **nó**

b) teastas a shealbhú eisithe laistigh de na sé mhí díreach roimh dháta an iarratais ag saotharlann atá creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, ag deimhniú luach paraiméadrach do luaidhe sa soláthar uisce óil don teach lena mbaineann, a sháraíonn an teorainn reachtúil faoi láthair 10µg/l (10 micreagram in aghaidh an lítir) **nó**

c) fógra ó ghairmí cláraithe foirgníochta á chur in iúl go bhfuil píopaí luaidhe agus feistithe ghaolmhara suite laistigh de chóras dáileacháin inmheánach an tí lena mbaineann

## 2. Leibhéal an Deontais

Beidh leibhéal an deontais bunaithe ar na costais cheadaithe maidir le píopaí luaidhe agus feistithe ghaolmhara a athsholáthar. Níl an tástáil acmhainne ag teastáil a thuilleadh. Ní sháróidh an costas ceadaithe na teorainneacha seo a leanas:

- Socraítear leibhéal an chúnaimh deontais atá ar fáil ar bhonn 100% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, faoi réir uasmhéid de €5,000.
- Is é an t-íoschaiteachas, ar oibreacha incháilithe, a theastaíonn chun an t-iarratas a phróiseáil ná €750.

## 3. Costas Ceadaithe

Chun críocha na scéime seo, maidir le píopaí luaidhe nó feistithe ghaolmhara a athsholáthar, ciallaíonn an costas ceadaithe an costas a measann an t-údarás áitiúil gurb é an costas réasúnach a bhaineann leis na hoibreacha athsholáthair a dhéanamh nó an costas iarbhír a bhaineann leis na hoibreacha a dhéanamh, cibé acu is lú.

An costas a bhaineann le soláthar iarbhír de cheachtar teastas leagtha amach ag 1(b) nó fógra ag 1(c), faoi “Cuspóir an Deontais” thuas, is costais incháilithe iad chun críche an deontais, go dtí uaschostas incháilithe de €200. Tá an costas seo le cur san áireamh agus an t-uaschostas incháilithe de €5,000 á ríomh. Tabhair faoi deara nach costais incháilithe iad aon chostais indíreacha a thabhaíonn an t-iarratasóir féin.

## 4. Admhálacha agus Deimhniú

**Ní mór**admháil bhunaidh ar an méid iomlán a íocadh ó gach conraitheoir a fostaíodh chun críche na n-oibreacha leasúcháin a bheith in éineacht le gach iarratas ar chúnamh deontais. Ní mór go gcuimseodh an admháil a soláthraíodh liosta mionsonraithe de na hoibreacha a rinneadh agus na costais ghaolmhara do gach mír.

Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir é féin a shásamh go bhfuil aon chonraitheoir fostaithe inniúil ar na hoibreacha riachtanacha a dhéanamh agus go n-úsáidtear ábhair oiriúnacha. Caithfidh deimhniú ón gconraitheoir a fhostaítear chun na hoibreacha a dhéanamh a bheith i ngach éileamh freisin go bhfuil aon ábhar a úsáidtear, lena n-áirítear píopaí agus feistithe, ar cháilíocht chuí agus gur cuireadh caighdeán ceart saoirseachta i bhfeidhm le linn na n-oibreacha.

## 5. Riachtanais Imréitigh Cánach

Chun go n-aisíocann an t-údarás áitiúil admhálacha incháilithe leis an iarratasóir, ní mór stádas imréitigh cánach an chonraitheora a bheith cothrom le dáta. I gcás gach

conraitheora atá fostaithe chun measúnú suímh a dhéanamh (más gá), deisiúcháin, uasghrádú nó athsholáthar, ba cheart don iarratasóir a fhoirm iarratais a sholáthar don údarás áitiúil, fótachóip de Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) cothrom le dáta de Dheimhniú Imréitigh Cánach leictreonach a chuir an conraitheoir ar fáil nó an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (TCAN) agus an Uimhir Thagartha Cánach arna eisiúint chuig an gconraitheoir ag na Coimisinéirí Ioncaim.

I gcás nach féidir stádas imréitigh cánach an chonraitheora a shuíomh, a dheimhníonn go bhfuil cúrsaí cánach an chonraitheora cothrom le dáta go hiomlán tráth a bhfuil an t-iarratas ar dheontas á mheasúnú, ba cheart don údarás áitiúil diúltú don iarratas ar chúnamh deontais.

## 6. Iarratais a Phróiseáil

Ba cheart iarratais a chur isteach chuig an údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme atá an t-áitreabh ina ndéantar na hoibreacha lonnaithe. Próiseálfar iarratais chomh tapa agus is féidir. Má theastaíonn cúnamh chun an fhoirm a chomhlánú, déan teagmháil leis an údarás áitiúil ábhartha, le do thoil.

Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun scrúdú a dhéanamh ar na hoibreacha a rinneadh agus aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá chun faisnéis a fhíorú nó doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil mar chuid d'iarratas ar chúnamh deontais agus féadfaidh sé aon iarratasóir a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach a eisiamh ó chomaoin le haghaidh deontais.

## 7. Próiseas Achomhairc

I bpróiseáil iarratais faoin scéim deontais seo, aithnítear go bhféadfadh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis áitiúil. Beidh sé de cheart ag gach iarratasóir próiseas achomhairc a dhéanamh.

Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir le gach achomharc:

a) Tugtar cuireadh d'iarratasóirí **achomharc i scríbhinn** a chur isteach (d'fhéadfadh sé seo a bheith trí ríomhphost) ar aon chinneadh a chuireann an t-údarás áitiúil in iúl dóibh ar a n-iarratas, **laistigh de thrí seachtaine** ó dháta an chinnidh.
b) Caithfidh an t-achomharc a lua na cúiseanna leis an achomharc agus na forais atá leis sin.
c) Déanfaidh oifigeach údaráis áitiúil nach raibh baint aige leis an gcinneadh bunaidh, arna ainmniú ag Stiúrthóir Seirbhísí na Rannóige ábhartha, achomhairc a mheas agus breith a thabhairt orthu. Críochnófar an próiseas seo **laistigh de cheithre seachtaine** tar éis é a fháil.
d) Cuirfear toradh an achomhairc in iúl i scríbhinn don achomharcóir laistigh de choicís ón dáta a dhéanfar an cinneadh.

**DLRG 1a - Foirm Iarratais – Deontas Feabhsúcháin Luaidhe Baile**

**Ainm an Iarratasóra:** ________________________________________________

**Seoladh:** __________________________________________

____________________________________________________

**Éirchód:** __________________________________________

**Uimhir Theileafóin i rith an Lae:**________________________________

**Cur síos Ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh:**
***(<u>Ní mór</u> admháil/admhálacha mionsonraithe a sholáthar)***

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Ainm agus Seoladh an Chonraitheora/na gConraitheoirí:**
***(<u>Ní mór</u> fótachóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach leictreonach a sholáthar do gach conraitheoir, mar aon le deimhniú go bhfuil na hoibreacha a rinneadh agus na píopaí agus na feistithe a úsáidtear de cháilíocht agus de chaighdeán cuí)***

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

## *DEARBHÚ*

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm iarratais seo cruinn agus tuigim go bhféadfaí an t-iarratas seo a chur ar ceal dá gcuirfí aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí ar fáil.**

**Síniú an Iarratasóra:** ____________________________

**Dáta:** ____________________________

## *SEICLIOSTA*

*Cinntigh le do thoil go bhfuil na doiciméid seo a leanas san áireamh le d'iarratas ar íocaíocht cúnamh deontais:*

- ☐ Cóip d'fhógra do sholáthraí uisce maidir le píopaí luaidhe féideartha nó Torthaí Tástála Saotharlainne nó fógra ó ghairmí foirgníochta cláraithe ag tabhairt comhairle go bhfuil píopaí luaidhe suite laistigh de chóras dáilte inmheánach an tí.
- ☐ Admhálacha miondealaithe ar na hoibreacha a rinneadh.
- ☐ Deimhniú an chonraitheora go ndearnadh na hoibreacha ag baint úsáide as ábhair oiriúnacha agus de réir caighdeán cuí.
- ☐ Cruthúnas ar Deimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir a fhostaítear.

***CUIR ISTEACH, LE DO THOIL, AN FHOIRM COMHLÁNAITHE INA N-IOMLÁINE DLRG 1A AGUS NA DOICIMÉID TACAÍOCHTA CHUIG:***


**An Rannóg Bóithre & Iompar (Cothabháil),**
**Comhairle Cathrach na Gaillimhe,**
**Halla na Cathrach,**
**Bóthar an Choláiste,**
**Gaillimh.**

**roads@galwaycity.ie**

**(091) 536400**